

**BUNTAISTE
BREISE NA**

GAEILGE

An Uaimh, Co. na Mí

27 Márta 2012

CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAochainteoirí

11:10 Ceisteanna ó dhaltaí scoile

12:00 Bileoga Aiseolais / Bronnadh duaiseanna

12:10 Cuairt ar Sheastáin

12:30 Críoch

◆—————◆
Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. Bhain Kevin Céim Tráchtála, Máistreacht sa Mhargaíocht, Diplóma sa Ghaeilge, agus Diplóma i Staidéar an Aistriúcháin amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir Gníomhach é Kevin De Barra ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Irene Ní Nualláin

Is as an Muileann gCearr i gCo. na hIarmhí d'Irene Ní Nualláin. Bhí Irene ar dhuine de na chead fhísiriseoirí a d'fhostaigh seomra nuachta RTÉ in 2005.

Tugtar fírisiriseoir nó 'video journalist' ar iriseoir a dhéanann a chuid oibre taifeadta féin le scéal teilifíse nuachta a chur le chéile. Cháiligh Irene le céim sna Dána i nGaeilge agus i gCeol ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus MA sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tar éis na hollscoile, fuair sí post mar iriseoir faoi oiliúint le Foinse idir 2001 agus 2004. Chuaigh sí ag obair mar shaoririseoir ansin agus bhí sí ag obair don chlár nuachta 'Seachtain' ar RTÉ 1 le linn an ama sin. B'as sin a fuair sí post mar fhísiriseoir le Nuacht TG4 in 2005.

Traic Ó Braonáin

Is as Baile Átha Cliath de Thraic, ach tá cónaí air i Muileann gCearr anois, tar éis seal a chaitheamh ag cónaí i nGaeltacht Ráth Chairn chomh maith. Is Cathaoirleach é ar Raidió RíRá. Tá sé ag craoladh ar Raidió na Life ó 1995, áit ar chur sé neart chlár éagsúla i láthair. Caith sé seal ar Anna Livia, agus tá sé i mbun oibre le East Coast FM faoi láthair.

Is bainisteoir é Traic ar an tseirbhís is mó don óige trí mheán na Gaeilge sa tír, Cumann na bhFiann. Sa tseirbhís seo, tá gréasán de Chlubanna Óige náisiúnta mar aon le himeachtaí, agus ionad nua don óige i nDroim Rí, Co. na Mí. Tá ceangal aige chomh maith leis an bhFéile Seachtain na Gaeilge agus é mar stiúrthóir ann le ceithre bliana anuas. Is ceoltóir é Traic, agus tá a dhlúthdhiosca féin léirithe aige, mar aon le bheith ag canadh ar an singil nua do "Rith 2010".



Bláthnaid Ní Chofaigh

Rugadh Bláthnaid Ní Chofaigh i gCeanada ach bhog a teaghlach go Gaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí nuair a bhí sí 2 bhliain d'aois. D'fhreastail sí ar an mbunscoil i Ráth Chairn agus ar an meánscoil san Uaimh agus i mBÁC.

Tá Bláthnaid ag obair mar láithreoir le RTÉ ó 1989 agus cuireann sí cláir Ghaeilge agus Bhéarla i láthair. Thosaigh sí amach leis an gclár Scaoil Amach an Bobailín. Ó shin i leith d'oibrigh sí ar cláir ar nós Echo Island, The Afternoon Show agus Charity ICA Bootcamp. Bhí sí mar mholtóir ar The All Ireland Talent Show agus ghlac sí páirt sa chlár Celebrity Bainisteoir.

Chaith sí seal ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, bronnadh an gradam *Celebrity Mum of the Year* uirthi in 2011 agus is í a bhí mar Chailín Gaelach 1989. In 2009 bhí sí mar ambasadóir ar Sheachtain na Gaeilge i dteannta an chraoltóra Ian Dempsey ó Today FM.



Marcus Ó Buachalla

Rugadh Marcus Ó Buachalla i mBaile Átha Cliath agus i ndiaidh a chuid oideachais i Scoil Lorcáin agus i gColáiste Eoin, bhain sé Céim Dlí agus Tráchtáil amach i UCD.

Rinne Marcus printíseacht sa dlí agus ansin thug sé aghaidh ar na meáin chumarsáide. Thosaigh sé ag obair leis an gcomhlacht caidrimh phoiblí, Pembroke Communications, ag obair san earnáil spóirt agus urraíochta. Oibríonn sé le comhlachtaí agus cumainn ar nós CLG, Cumann Peil Gael na mBan, CLG Átha Cliath, Leinster Rugby agus Under Armour.

Bíonn Marcus le cloisteáil i mbun tráchttaireachta CLG le TG4 ar 'GAA Beo' agus 'GAA 2012' agus chomh maith leis sin gach Aoine ar Newstalk ar an gclár 'Splanc' ag caint faoi chúrsaí spóirt trí chéile. Bíonn sé ag scríobh don Irish Daily Star, trí Ghaeilge, ar an iris spóirt míosúil atá acu darbh ainm 'Am Breise'.



Siobhán Seoighe

Is as Ráth Chairn í Siobhán Seoighe. D'fhreastail sí ar Scoil Uí Ghramhnaigh Ráth Chairn agus Coláiste Pobail Ráth Chairn. Tá bunchéim aici sa Nua-Ghaeilge agus sa Luath-Ghaeilge ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Máistreacht aici sa Nua-Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

D'oibrigh sí mar Bhainisteoir Forbartha Gnó le beagnach 3 bliana le Gaelchultúr Teoranta. Bhí Siobhán mar Bhainisteoir Imeachta ar Rith 2010, ollrith ar son na Gaeilge a bhíonn ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá Siobhán ag obair mar Fheidhmeannach leis an An bhForas Pátrúnachta.

I dtús mhí na Nollag anuraidh seoladh bailiúchán cuimsitheach d'amhráin agus d'fhillíocht faoi Ghaeltacht Ráth Cairn an saothar bunaithe ar thaighde Shiobhán Seoighe le linn di bheith ag dul do chéim in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



Buntáiste Breise na Gaeilge ar chamchuart timpeall na tíre:



BUNTAISTE BREISE NA GAEILGE

